Seó na Samhna ‘09.

Cór na Naíonáin ag canadh leo, iad breá bríomhar is glórach, ag Seó na Samhna i mBaile Locha Riach ar na mallaibh.

Don dara bhlian as a chéile, líonadh an halla le timpeall 500 duine ag Seó Samhna Ghaelscoil Riabhach i mBaile Locha Riach roimh bhriseadh lár-théarma ar na mallaibh. Ceiliúradh a bhí sa Seó seo ar athbhliain na gCeilteach agus ba léir go raibh pobal na scoile uile rann-phairteach ann.

Ba léir go raibh na daltaí faoi stiúir na múinteoirí ar feadh roinnt seachtaine agus dian-obair déanta ag gach duine leis an Seó speisialta seo a léiriú. Ní amháin sin ach bhí neart oibre déanta ag tuismitheoirí, ag ullmhú cultacha éagsúla dóibh siúd ar stáitse is eile.

Caithfidh a rá go raibh toradh iontach lena saothar ar fad agus Seó gairmiúil léirithe ina raibh siamsaíocht den scoth curtha ar fáil don oíche ina raibh gach uile dalta páirteach ó Naíonáin bheaga go Rang 6. Cinnte, ní raibh eagla ar dhuine ar bith acu a bheith ar an ardán.

D’éirigh go hiontach leis na scoláirí is óige ar ardán agus ***Cór na Naíonáin*** curtha le chéile a bhí iontach ceolmhar is glórach. Bhí amhránaíocht ó ranganna mhúinteoir **Mharcais** is múinteoir **Áine** chomh maith agus filíocht a aithris acu chomh maith. Ní amháin sin ach bhí taispeántas iontach ag scoláirí Rang 5 idir dhamhsa ar an sean-nós is damhsa scuaibe chomh maith.

Bhí drámaí léirithe idir Bhéarla agus Gaeilge ... ‘*The Moles and the Harvest Moon*’ le Rang 2 agus ‘*Cás Stoney Brennan*’ le Rang 6. Cuireadh clabhsúr l’imeachtaí na hoíche agus ‘***Ceoltóirí Riabhacha***’ ar an stáitse le réimse breá ceoil is amhránaíocht a chasadh don lucht éisteachta mór bailithe.

Gabhann ‘**Gaeilge Locha Riach**’ comhghairdeas le gach uile duine a bhí páirteach leis an Seó Samhna a léiriú... d’éirigh thar barr leo ar fad agus ba léir gur bhain gach duine an-sult as gach uile rud ar stáitse.

Seó na Samhna ‘09.

*Buíon ceoil ó Ghaelscoil Riabhach faoi stiúir **Unà Ní Fhlannagáin** a tháinig le chéile go speisialta le haghaidh Seó na Samhna i mBaile Locha Riach le deireannas.*

For the second year in a row, Gaelscoil Riabhach community filled the Temperence Hall with about 500 people as they came together for ‘Seó na Samhna’. This is a celebration to herald the coming of another Celtic new year and it was clear that the entire school community were involved.

Certainly, a lot of preparation work was done for a number of weeks, not only involving teachers and students but many parents also.

It must be said that this hard work and preparation paid off as the show was of the highest standard as everyone put in their best effort to provide the best of entertainment from Naíonáin Bheaga to Rang 6. Not one pupil was a victim of stage fright!

Opening the evening, ***Cór na Naíonáin*** ... the infant choir were very musical and were heard throughout the hall. Múinteoir **Marcas** and **Áine’s** classes also provided a selection of lively songs ‘as Gaeilge’ and recited a number of poems. Also, Rang 5 put on a powerful display of sean-nós and brush dancing.

There were also a number of plays performed ... both in English and ‘as Gaeilge’.... ‘*The Moles and the Harvest Moon*’ by Rang 2 and ‘*Cás Stoney Brennan*’ with Rang 6.

‘***Ceoltóirí Riabhacha***’, the school band played a number of tunes ....providing a suitable climax to the evening’s entertainment with a great selection of music and song.

Gaeilge Locha Riach would like to congratulate the entire school community that made this show possible as everyone involved should be proud of their achievements as it was clear that everyone really enjoyed each and every performance**.**